




the arts council
an chomhairle ealaíon




# Ceadanna Fostaíochta do Náisiúnaigh Neamh-LEE in Earnáil na nEalaíon




# Clár


| | Leathanach |
|---|---|
| Réamhrá | 3 |
| 1. Ceadanna Fostaíochta | 4 |
| 2. Cineálacha Ceadanna Fostaíochta | 6 |
| a. An Cead Fostaíochta Spóirt agus Cultúir | 7 |
| b. Cead Fostaíochta Scileanna Ríthábhachtacha | 7 |
| c. An Cead Fostaíochta Ginearálta | 8 |
| d. An Cead Fostaíochta Cleithiúnaí/Páirtí/Céile | 8 |
| e. An Cead Fostaíochta Aistrithe idir Cuideachtaí | 8 |
| f. An Cead Fostaíochta Conradh Seirbhíse | 8 |
| g. An Cead Fostaíochta Athghníomhachtaithe | 9 |
| h. An Cead Fostaíochta Intéirneachta | 9 |
| i. An Cead Fostaíochta maidir le Comhaontú Malartaithe | 9 |
| 3. Cá ndéanaim an t-iarratas ar an gcead fostaíochta? | 10 |
| 4. Cén fhaisnéis is gá dom a chur san áireamh i m'fhoirm iarratais? | 12 |
| 5. Critéir bhunúsacha d'fhostóirí / d'fhostaithe incháilithe ag curisteach ar headanna oibre | 15 |
| 6. Conas iarratas a dhéanamh ar Chead Fostaíochta Ginearálta | 17 |
| 7. Céard atá i gceist le Tástáil Riachtanas Mhargadh an tSaothair | 19 |
| 8. Íosíocaíocht do cheadanna fostaíochta ginearálta | 22 |
| 9. Conas Iarratas a Dhéanamh ar Chead Fostaíochta Spóirt agus Cultúir | 24 |
| 10. Víosaí Taibhithe nó Comórtais | 28 |
| 11. Scéim Oibre Neamhthipiciúla | 30 |
| Aguisín A- Fógra Samplach | 32 |


Cuireadh ábhar an fhoilseacháin seo le chéile agus cuirtear é ar fáil ar mhaithe le faisnéis ghinearálta agus feidhmeanna cúnaimh a sholáthar amháin. Rinneadh gach iarracht le dearbhú go bhfuil an fhaisnéis atá ar fáil cuí agus suas chun dáta tráth a fhoilsithe. Níor chóir an fhaisnéis a úsáid in ionad comhairle dhlí. Cé gur cuireadh le chéile go cúramach é, moltar do gach duine a bhaineann úsáid as ábhar an leabhráin seo comhairle dhlí nó comhairle phroifisiúnta faoi leith a fháil maidir le cinneadh nó cur chuige ar bith is mian leo a thógáil.

# Réamhrá

Tabharfaidh an nóta seo aghaidh ar an gcaoi ar féidir le fostóirí atá ag obair in earnáil na n-ealaíon in Éirinn ealaíontóirí de chuid tíortha lasmuigh den Aontas Eorpach, an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) agus/nó an Ríocht Aontaithe a earcú. Is iad cúpla sampla de na tíortha neamh-LEE ná an Nigéir, an Phacastáin, an Afraic Theas, an tSín, Ceanada agus na Stáit Aontaithe.

Ní bhaineann an dlí a shainordaíonn neamhnáisiúnaigh ag cur isteach ar cheadanna fostaíochta sula dtosaíonn siad post in Éirinn le fostaithe ionchasacha ag teacht ó thíortha de chuid an LEE, an Eilvéis, nó ón Ríocht Aontaithe, mar gheall ar bhallraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach, agus mar gheall ar chomhaontuithe idirnáisiúnta atá ag an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe leis an Aontas Eorpach.

Caithfear cead soiléir a bheith ag duine atá ag teacht ó thír neamh-LEE ón Aire Dlí agus Cirt le hoibriú in Éirinn - bíodh an cead trí chead inimirce a thugann cead dóibh oibriú sa Stát nó trí chead fostaíochta.

Ní bhíonn cead fostaíochta de dhíth ag gach duine le hoibriú agus is féidir leo cead le hoibriú a fháil tríd an gcóras inimirce. Tugann roinnt ceadanna inimirce, amhail cead Stampa 4, cead do shealbhóir an cheada sin post ar bith a ghlacadh atá ar fáil dóibh sa Stát. Mar shampla, féadfaidh Stampa 4 a bhronnadh ar thuismitheoir Neamh-LEE saoránach Éireannach le haghaidh tréimhse ama theoranta agus go mbeidh cead acu an cead sin a athnuachan ó am go chéile.

Díríonn an achoimre seo ar na bealaí le gur féidir le **hiarratasóirí Neamh-LEE** iarratas a dhéanamh ar fhostaíocht in Éirinn trí cheadanna fostaíochta.

# 1.
# Ceadanna Fostaíochta

# 1. Ceadanna Fostaíochta

Go ginearálta, ní bhronntar ceadanna fostaíochta ach amháin i gcásanna nach raibh fostóir Éireannach in ann duine Éireannach nó náisiúnach LEE a earcú don phost. **Ní bhaineann é sin le Ceadanna Fostaíochta Spóirt agus Cultúir (mínithe thíos).**

Chun gur féidir le fostaí ionchasach cead a fháil le hoibriú in Éirinn, ba chóir dóibh tairiscint poist a bheith acu ó fhostóir ar an gcéad ásc, agus ansin is féidir leo iarratas a dhéanamh ar an gcead fostaíochta. Nuair a bheidh an cead fostaíochta ag an bhfostaí ionchasach, beidh siad in ann iarratas a dhéanamh ar víosa le teacht go hÉirinn, má tá ceann de dhíth ar an duine.

Meastar iarratais faoin Acht um Cheadanna Fostaíochta 2003–2014, a leagann amach i reachtaíocht na critéir maidir leis an iarratas, le ceadú agus le diúltú ceadanna fostaíochta.

Nuair a bheidh cead fostaíochta ag an bhfostaí, beidh cead ag an bhfostaí fanacht in Éirinn chomh fada agus atá an cead fostaíochta bailí. Gheobhaidh an fostaí Stampa 1 ar a p(h)as. Tugann an stampa cead don fhostaí fanacht in Éirinn, ar an gcoinníoll nach dtéann siad i bhfostaíocht ar bith gan cead fostaíochta.

Próiseálann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ceadanna fostaíochta. Go ginearálta, caithfidh an fostaí cead fostaíochta a fháil sula dtagann siad go hÉirinn. Is féidir leis an bhfostaí iarratas a dhéanamh ar an gcead fostaíochta iad féin, nó is féidir leis an bhfostóir iarratas a dhéanamh ar a s(h)on.

Ceadaíonn an tAcht um Cheadanna Fostaíochta 2006 (arna leasú) naoi gcineál éagsúla de Cheadanna Fostaíochta a bhronnadh. Tá tuilleadh eolais maidir le ceadanna ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

# 2.
# Cineálacha Ceadanna Fostaíochta

the arts council
an chomhairle ealaíon

# 2. Cineálacha Ceadanna Fostaíochta

## a. An Cead Fostaíochta Spóirt agus Cultúir



Freastalaíonn an Cead Fostaíochta Spóirt agus Cultúir ar cheadanna fostaíochta i réimse an spóirt agus an chultúir. Cruthaíodh an cead seo le héascaíocht a dhéanamh ar fhostaíocht sa Stát de náisiúnaigh neamh-LEE a bhfuil na cáilíochtaí, scileanna, taithí ábhartha nó an t-eolas acu maidir le forbairt, feidhmiú agus acmhainn a bhaineann le gníomhaíochtaí spóirt agus cultúir.

## b. Cead Fostaíochta Scileanna Ríthábhachtacha



Díríonn an Cead Fostaíochta Scileanna Ríthábhachtacha ar ghairmithe le scileanna i réimsí faoi leith.

Cruthaíodh an cead seo chun aghaidh a thabhairt ar chineálacha fostaíochta ina bhfuil ganntanas maidir le cáilíochtaí, taithí nó scileanna atá ag teastáil d'fheidhmiú ceart gheilleagar na hÉireann.

Leagtar amach 'Liosta Gairmeacha Beatha Scileanna Ríthábhachtacha' i Sceideal 3 de Rialacháin um Cheadanna Fostaíochta (Leasú) 2022
(ar fáil ag: **https://www.irishstatutebook.ie/eli/2022/si/273/made/en/pdf )**

Tá róil amhail na cinn thíos ábhartha d'earnáil na n-ealaíon:

- Ealaíontóir Cúlra Beochana agus Dearaidh i mbeochan 2T agus 3T;
- Dearthóir Suímh i mbeochan 2T nó 3T;
- Dearthóir Carachtair i mbeochan 2T nó 3T;
- Dearthóir Prapa i mbeochan 2T nó 3T;
- Ealaíontóir Leagan Amach Beochana i mbeochan 2T nó 3T.

Áirítear róil eile amhail ailtirí, gairmithe meáin, gairmithe spóirt agus aclaíochta agus múinteoirí faoin liosta seo maidir le Gairmeacha Beatha Scileanna Ríthábhachtacha.

## c. An Cead Fostaíochta Ginearálta



Is cead fostaíochta é an Cead Fostaíochta Ginearálta a thugann cead don sealbhóir fostaíocht a bheith acu sa Stát i réimse leathan gairmeacha.

Murab ionann agus Ceadanna Fostaíochta Scileanna Ríthábhachtacha, i gcásanna a leagtar amach gairmeacha incháilithe, measann na Ceadanna Fostaíochta Ginearálta go bhfuil gach gairm incháilithe mura sonraítear a mhalairt. Dá bhrí sin, tá gach gairm incháilithe mura sonraítear a mhalairt faoin liosta Gairmeacha Neamh-Incháilithe le haghaidh Ceadanna Fostaíochta. Meastar mar incháilithe na gairmeacha uile ar an Liosta Gairmeacha Incháilithe Sároilte

## d. An Cead Fostaíochta Cleithiúnaí/Páirtí/Céile



Tugann an Cead Fostaíochta Cleithiúnaí/Páirtí/Céile cead do chleithiúnaithe, páirtithe aitheanta, páirtithe sibhialta agus céilí le sealbhóirí Cead Fostaíochta Scileanna Ríthábhachtacha agus le Taighdeoirí ar Chomhaontaithe Óstacha iarratas a dhéanamh ar chead fostaíochta le hoibriú sa Stát.

## e. An Cead Fostaíochta Aistrithe idir Cuideachtaí



Cruthaíodh an Cead Fostaíochta Aistrithe idir Cuideachtaí leis an aistriú maidir le hardbhainistíocht, pearsanra tábhachtacha nó oiliúnaithe ar náisiúnaigh choigríche iad a éascú ó bhrainse de chuid corparáid ilnáisiúnta thar lear go dtí an brainse Éireannach.

## f. An Cead Fostaíochta Conradh Seirbhíse



Cruthaíodh an Cead Fostaíochta Conradh Seirbhíse chun déileáil le cásanna inar ghnóthaigh comhlacht eachtrannach (Conraitheoir) conradh le haghaidh seirbhísí a sholáthar do chomhlacht Éireannach ar bhonn conartha agus le haistriú dá gcuid fostaithe neamh-LEE a éascú le hobair an chonartha a chur i gcrích in Éirinn.

### g. An Cead Fostaíochta Athghníomhachtaithe



Cruthaíodh an Cead Fostaíochta Athghníomhachtaithe chun cead a thabhairt do náisiúnach neamh-LEE a tháinig isteach sa Stát le Cead Fostaíochta bailí ach a thit amach as an gcóras gan aon mhilleán orthusan nó gur caitheadh go dona leo nó go ndearnadh dúshaothrú orthu san ionad oibre, chun cuidiú leo oibriú go dleathach in Éirinn arís.

### h. An Cead Fostaíochta Intéirneachta



Cruthaíodh an Cead Fostaíochta Intéirneachta le héascaíocht a dhéanamh ar fhostaíocht náisiúnach neamh-LEE ar mic léinn lánaimseartha iad, ag staidéar i ndisciplín ábhartha maidir leis na gairmeacha san áireamh ar an Liosta Gairmeacha Incháilithe Sároilte agus ar mic léinn iad atá cláraithe in institiúid tríú leibhéal lasmuigh den Stát, ar mhaithe le taithí oibre a fháil.

### i. An Cead Fostaíochta maidir le Comhaontú Malartaithe



Cruthaíodh an Cead Fostaíochta maidir le Comhaontú Malartaithe le héascaíocht a dhéanamh ar fhostaíocht náisiúnach neamh-LEE sa Stát de réir comhaontuithe forordaithe nó comhaontuithe idirnáisiúnta eile lena bhfuil an Stát páirteach. Forordaítear a leithéid de chomhaontuithe sna Rialacháin um Cheadanna Fostaíochta.

# 3.

# Cá ndéanaim an t-iarratas ar an gcead fostaíochta?

# 3. Cá ndéanaim an t-iarratas ar an gcead fostaíochta?

Is féidir le fostaithe agus le fostóirí iarratas a dhéanamh ar chead fostaíochta ar líne, tríd an gCóras Ceadanna Fostaíochta ar Líne (CCFAL). [1] Is féidir doiciméid tacaíochta a uaslódáil agus íocaíochtaí táillí a dhéanamh leis an gcóras iarratais ar líne.

[1] https://epos.enterprise.gov.ie/#/app/welcome

# 4.

# Cén fhaisnéis is gá dom a chur san áireamh i m'fhoirm iarratais?

the arts council an chomhairle ealaíon

# 4. Cén fhaisnéis is gá dom a chur san áireamh i m'fhoirm iarratais?

Caithfear iarratas aonair a líonadh isteach ar líne do gach cineál ceada. Leagann Alt 6 den Acht um Cheadanna Fostaíochta 2006 (arna leasú) amach an fhaisnéis nach mór a bheith san áireamh le gach iarratas. Iarrfar ar an iarratasóir an t-eolas seo a roinnt don iarratas ar líne. I measc na faisnéise a iarrfar ar iarratasóirí, tá:

(a) tuairisc iomlán chruinn ar an bhfostaíocht a ndéanfar an t-iarratas ina leith agus ar théarmaí agus coinníollacha na fostaíochta, lena n-áirítear na huaireanta oibre gach seachtain, agus ré na fostaíochta;

(b) faisnéis maidir leis na cáilíochtaí, na scileanna nó an taithí a bheidh ag teastáil don fhostaíocht lena mbaineann,

(c) faisnéis agus, más cuí, aon doiciméid iomchuí maidir le cáilíochtaí, scileanna nó taithí an náisiúnaigh eachtraigh lena mbaineann,

(d) an áit ina mbeidh an fhostaíocht lena mbaineann le seoladh, i gcásanna go gcuirfear an fhostaíocht lena mbaineann i gcrích in áiteanna éagsúla, luaigh go sonrach gach áit;

(e) an luach saothair agus aon asbhaintí, i gcás go gcomhaontófar amhlaidh, le haghaidh cothú agus cóiríochta, nó le haghaidh ceachtar acu, i leith na fostaíochta lena mbaineann,

(f) maidir leis an náisiúnach eachtrach lena mbaineann—

(i) ar iarr nó nár iarr sé nó sí ceadú dul i dtír sa Stát ar ócáid roimhe sin nó an raibh sé nó sí sa Stát ar ócáid roimhe sin gan ceadú dul i dtír,

(ii) i gcás go mbeidh sé nó sí sa Stát tráth an iarratais, soláthrófar ann faisnéis agus doiciméid a bhainfidh leis an gceadú a deonaíodh dó nó di dul i dtír sa Stát,

(iii) i gcás go mbeidh siad i bhfostaíocht sa Stát tráth an iarratais, aon fhaisnéis agus doiciméid, nuair atá sé ag teastáil ón Aire, a sholáthar a bhaineann leis an gcead bronnta orthu agus a thugann cead dóibh a bheith san fhostaíocht i gceist, agus

(iv) faisnéis a bhaineann le fostaíocht a bhí acu sa Stát ag am ar bith roimh an iarratas seo agus, i gcás go n-iarrfaidh an tAire air, aon fhaisnéis agus doiciméid a sholáthar a bhaineann leis an gcead bronnta orthu le bheith i bhfostaíocht dá leithéid, nó, de réir mar a bheidh, a bhaineann le cead fostaíochta bronnta orthu maidir leis an bhfostaíocht áirithe sin,

(g) faisnéis eile, doiciméid agus fianaise le dearbhú a leithéid d'fhaisnéis agus doiciméid de réir mar a fhorordóidh an tAire nó a iarrfaidh an tAire;

(h) faisnéis agus doiciméid, de réir mar a fhorordóidh an tAire, a bhaineann le tairiscint na fostaíochta.

# 5.

# Critéir bhunúsacha d’fhostóirí / d’fhostaithe incháilithe ag cur isteach ar cheadanna oibre

the arts council
an chomhairle ealaíon

# 5. Critéir bhunúsacha d'fhostóirí / d'fhostaithe incháilithe ag cur isteach ar cheadanna oibre

(a) Ní mór d'fhostóirí a bheith ag trádáil in Éirinn agus cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim, agus más infheidhme, leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (féach ar alt 12 den Acht um Cheadanna Fostaíochta 2006 (arna leasú));

(b) Ní mór don iarratasóir a bheith ina fhostaí ionchasach don chomhlacht (i.e. beidh an fostaí ionchasach i gceist fostaithe, ar tuarastal agus íoctha díreach ón bhfostóir) leis na cáilíochtaí, scileanna agus taithí ábhartha atá de dhíth don fhostaíocht.

(c) Ní fhéadfaidh an ról a chur san áireamh ar liosta forordaithe an Rialtais maidir le róil neamh-incháilithe[2] –

(d) Ní mór don fhostóir a léiriú gur náisiúnaigh LEE iad 50%, ar a laghad, dá lucht saothair (féach ar alt 10 (2) den Acht um Cheadanna Fostaíochta 2006 (arna leasú));

(e) Ní mór d'iarratas ar aon chead fostaíochta a bheith faighte ar a laghad 12 sheachtain roimh dháta tosaigh beartaithe na fostaíochta.

Moltar d'iarratasóir, sa chás go bhfuil sé éiginnte maidir le stádas cáilithe nó incháilithe róil faoi leith, go dtéann sé i gcomhairle leis an Rannóg um Cheadanna Fostaíochta go díreach iad féin, nó go mbaineann sé úsáid as Cascot Web, uirlis úsáideach a chuidíonn le soiléireacht a thabhairt maidir le cén cód den 'Córas Caighdeánach Aicmithe Gairme' atá i gceist leis an ról ar cuireadh isteach air. Is féidir teacht ar nasc chuig Cascot Web agus ar mhíniú sa bhreis ar chonas a oibríonn an Córas Caighdeánach Aicmithe Gairme ar shuíomh gréasáin na Roinne Fiontar[3]

[2] https://enterprise.gov.ie/en/what-we-do/workplace-and-skills/employment-permits/employment-permit-eligibility/ineligible-categories-of-employment/

[3] https://enterprise.gov.ie/en/what-we-do/workplace-and-skills/employment-permits/employment-permit-eligibility/classification-of-employments/

# 6.
# Conas iarratas a dhéanamh ar Chead Fostaíochta Ginearálta

the arts council
an chomhairle ealaíon

# 6. Conas iarratas a dhéanamh ar Chead Fostaíochta Ginearálta

Is féidir le fostaithe agus le fostóirí iarratas a dhéanamh ar chead fostaíochta ar líne, tríd an gCóras Ceadanna Fostaíochta ar Líne (CCFAL). Is féidir doiciméid tacaíochta a uaslódáil agus íocaíochtaí táillí a dhéanamh leis an gcóras iarratais ar líne.

De ghnáth, bíonn Tástáil Riachtanas Mhargadh an tSaothair de dhíth le haghaidh iarratas a dhéanamh ar chead fostaíochta.

**Tá sé tábhachtach go dtugann fostóirí in earnáil na n-ealaíon faoi deara nach bhfuil tástáil riachtanas mhargadh an tsaothair riachtanach nuair is post atá luaite ar an Liosta Gairmeacha Beatha Scileanna Ríthábhachtacha nó más cead le haghaidh a Cead Fostaíochta Spóirt agus Cultúir atá i gceist leis an iarratas faoi leith.**

De ghnáth, ba chóir d'fhostóirí glacadh leis go bhfuil tástáil riachtanas mhargadh an tsaothair ag teastáil agus duine á earcú le hobair a dhéanamh faoi chead fostaíochta ginearálta.

# 7.

# Céard atá i gceist le Tástáil Riachtanas Mhargadh an tSaothair?

the arts council
an chomhairle ealaíon

# 7. What is a Labour Markets Needs Test?

Is é an coincheap atá taobh thiar den tástáil riachtanas mhargadh an tsaothair ná go mbeadh na deiseanna fostaíochta atá ag teacht aníos in Éirinn á dtairiscint do dhaoine oilte Éireannacha agus náisiúnaigh LEE eile i dtosach, agus nach mbeadh siad á dtairiscint do náisiúnaigh neamh-LEE ach amháin nuair nach bhfuil iarratasóir **oiriúnach** don fholúntas taobh istigh den LEE.

Le dearbhú go gcuirtear deiseanna poist ar fáil do náisiúnaigh Éireannacha agus LEE, ba chóir d'fhostóirí Tástáil Riachtanas Mhargadh an tSaothair a chomhlíonadh sula mbronnfar Cead Fostaíochta Ginearálta nó Cead Fostaíochta Conradh Seirbhíse ar náisiúnach neamh-LEE.

Ní mór d'fhógra EURES a bheith foilsithe 28 lá ar a laghad sular féidir iarratas bailí a dhéanamh ar gach iarratas ar chead fostaíochta nuair atá Tástáil Riachtanas Mhargadh an tSaothair de dhíth.

Is éard atá i gceist le EURES ná Líonra Seirbhísí Fostaíochta na hEorpa, bunaithe ag an gCoimisiún Eorpach chun soghluaisteacht na n-oibrithe taobh istigh den Aontas Eorpach agus tíortha LEE a éascú.

Ní mór don fhostóir an folúntas a fhógairt:

a. leis an líonra Seirbhísí Fostaíochta de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí/líonra fostaíochta EURES ar feadh 4 seachtaine ar a laghad agus
b. i bpáipéar nuachta náisiúnta ar feadh 3 lá ar a laghad agus
c. i bpáipéar nuachta áitiúil nó ar shuíomh gréasáin post (nach suíomh na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí/EURES é) ar feadh 3 lá.

De réir Rialacháin arna ndéanamh faoin Acht um Cheadanna Fostaíochta 2006 (arna leasú) caithfear an fhaisnéis a leanas a bheith san áireamh maidir leis an bhfolúntas:

a. cur síos ar an bhfostaíocht,
b. ainm an fhostóra,
c. an íosíocaíocht bhliantúil,
d. áit/áiteanna na fostaíochta, agus
e. na huaireanta oibre.

Dearbhaíonn an líonra Seirbhísí Fostaíochta de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí clúdach náisiúnta agus fógraíonn an líonra EURES an folúntas ar fud an AE.

Chun an fógra a shocrú leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus EURES, is féidir le fostóirí/ conraitheoirí logáil isteach le jobsireland.ie nó gov.ie/dsp chun rochtain a fháil ar Sheirbhísí Fostaíochta de chuid na Roinne Coimirce Sóisialaí agus an rogha fostóra a roghnú don tseirbhís ar líne. De rogha air sin, is féidir le fostóirí/conraitheoirí teagmháil a dhéanamh le JobsIreland leis an uimhir theileafóin 08118 111 112 nó 01 248 1389 chun folúntas a chlárú, nó le ríomhphost a sheoladh chuig **jobsireland@welfare.ie.** Tabharfar uimhir tagartha don fholúntas a chláraigh an fostóir/conraitheoir.

Ní fhéadtar iarratas ar chead fostaíochta a chur isteach ach amháin nuair a dhéantar Tástáil Riachtanas Mhargadh an tSaothair agus nuair a chuirtear iarratas isteach laistigh de 90 lá de thús na fógraíochta ar JobsIreland/EURES. Ba cheart d'fhostóirí a thabhairt faoi deara nár chóir dóibh athrú a dhéanamh ar na folúntais ná síneadh a chur leo, ag am ar bith, le linn na tréimhse fógraíochta de 28 lá ar an suíomh JobsIreland. Taispeántar fógra samplach, atá de dhíth le bheith measta mar incháilithe don chead fostaíochta, in **Aguisín A**.

# 8.
# Íosíocaíocht do cheadanna fostaíochta ginearálta

the arts council
an chomhairle ealaíon

# 8. Íosíocaíocht do cheadanna fostaíochta ginearálta

Bíonn timpeall €30,000 i gceist maidir le híosíocaíocht bhliantúil. Mar sin féin, baineann roinnt eisceachtaí leis an riail ghinearálta seo a leagann amach gur chóir íocaíocht bhliantúil de €30,000 a bheith ann:

a. €27,000 maidir le fostaíocht mar chúntóir cúram sláinte; i gcás go ndéantar iarratas maidir le cúntóir cúram sláinte a bhí i bhfostaíocht sa Stát cheana le cead fostaíochta mar chúntóir cúram sláinte le haghaidh dhá bhliain nó níos mó, cóip de cháilíocht ábhartha Leibhéal 5 Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann an tsealbhóra ceada.
b. €27,000 maidir le mac léinn neamh-LEE – atá tar éis céim a bhaint amach le 12 mhí anuas, ó institiúid tríú leibhéal Éireannach, agus atá tar éis tairiscint a fháil do ról iarchéime ón Liosta Gairmeacha Beatha Scileanna Ríthábhachtacha; caithfear íosíocaíocht bhliantúil de €30,000 a bheith ann ag céim na hathnuachana;
c. €27,000 maidir le mac léinn neamh-LEE – atá tar éis céim a bhaint amach le 12 mhí anuas, ó institiúid tríú leibhéal eachtrannach, agus atá tar éis tairiscint a fháil do ról iarchéime mar ghairmí TCF ón Liosta Gairmeacha Beatha Scileanna Ríthábhachtacha; i gcásanna mar sin, caithfear íosíocaíocht bhliantúil de €30,000 a bheith ann ag céim na hathnuachana;
d. €27,000 maidir le fostaíocht ina bhfuil gá le duine atá líofa i dteanga oifigiúil stáit nach bhfuil mar Bhallstát an LEE, le tacaíocht don fhostaíocht ó ghníomhaireacht forbartha fiontair agus go mbaineann an fostaíocht le:

   i. ról maidir le seirbhísí custaiméirí agus díolacháin le heolas táirge ábhartha,
   ii. ról speisialtóra maidir le margaíocht dhigiteach ar líne agus díolacháin, nó
   iii. ról speisialtóra maidir le tacaíocht teanga agus le díolacháin theicniúla, agus

e. €27,500 maidir le fostaíocht mar oibrí feola (feoil).

# 9.

# Conas Iarratas a Dhéanamh ar Chead Fostaíochta Spóirt agus Cultúir

the arts council
an chomhairle ealaíon

# 9. Conas Iarratas a Dhéanamh ar Chead Fostaíochta Spóirt agus Cultúir

Is féidir le fostaí nó fostóir ionchasach iarratas a dhéanamh ar Chead Fostaíochta Spóirt agus Cultúir.

Eisítear an cead don fhostaí ionchasach, agus seoltar cóip dheimhnithe chuig an bhfostóir, a cheadaíonn a bhfostaíocht sa Stát, ag an bhfostóir, sa ghairm agus san áit/sna háiteanna a shonraítear ar an gcead.


**The Labour Markets Needs Test does not apply to the application Ní bhaineann Tástáil Riachtanas Mhargadh an tSaothair leis an bpróiseas iarratais don Chead Fostaíochta Spóirt agus Cultúir,** murab ionann agus an Cead Fostaíochta Ginearálta.

Féadfar Cead Fostaíochta Spóirt agus Cultúir a bhronnadh do thréimhsí difriúla más conradh fostaíochta lánaimseartha atá ann suas go huastréimhse de dhá bhliain. Féadfar na ceadanna a bhronnadh d'obair shéasúrach chomh maith. De ghnáth, sainmhínítear obair shéasúrach go scaoilte mar fhostaíocht do thréimhse ghearr nó theoranta agus le cúrsaí fostaíochta athfhillteacha in earnálacha ag brath ar an séasúr amhail earnálacha na gairneoireachta, na feirmeoireachta agus na turasóireachta. Is faoin iarratasóir agus faoin bhfostóir a bheadh sé a léiriú go bhfuil an obair atá i gceist séasúrach. [4]

Cé go bhfuil pleananna ann chun leasuithe sonracha reachtaíochta a lorg ar an reachtaíocht um chead oibre atá ann cheana chun catagóir ar leith de 'chead fostaíochta séasúrach' a chruthú a shainítear go cuí níor tharla sé seo go fóill agus ba cheart comhairle shonrach a lorg sula ndéantar iarratas faoin gcatagóir seo. [5]

Má bhronntar cead fostaíochta ar an bhfostaí ionchasach den chéad uair sa Stát, beifear ag súil go n-oibreoidh an fostaí leis an gcéad fhostóir do thréimhse de 12 mhí, ach amháin sa chás go bhfuil an obair séasúrach.

De réir alt 12(1)(e) den Acht um Cheadanna Fostaíochta 2006 (arna leasú), ní fhéadtar cead fostaíochta nua d'fhostóir éagsúil a mheas sa chás go bhfuil níos lú ná 12 mhí ón lá a thosaigh an sealbhóir cheada an fhostaíocht sa Stát de réir cead fostaíochta. Mar sin féin, i



**4** https://www.workplacerelations.ie/en/what_you_should_know/employment_types/seasonal-workers/seasonal-workers-in-ireland-2021.pdf

**5** https://www.gov.ie/en/press-release/d57d2-minister-english-to-modernise-the-employment-permits-system/

gcás go mbíonn na cúinsí a leanas i gceist, féadfaidh an Roinn ligean do shealbhóir Chead Fostaíochta Spóirt agus Cultúir fostóir a athrú:

a. cuirtear an fostaí ar iomarcaíocht;
b. Tagann cúinsí aníos a athraíonn an caidreamh fostaíochta ó bhonn.

Seachas na himthosca eisceachtúla a leagtar amach thuas agus d'oibrithe séasúracha, tar éis 12 mhí, féadfaidh an fostóir an fostaí a bhogadh ar an gcoinníoll go ndéanfar iarratas nua ar Chead Fostaíochta Spóirt agus Cultúir.

## Remuneration for employment permit holders must be national minimum wage or higher.

Ní mór go mbeidh íocaíocht do shealbhóirí cead fostaíochta mar an gcéanna leis an bpá íosta náisiúnta nó níos airde.

Is féidir iarratas a dhéanamh ar líne tríd an gCóras Ceadanna Fostaíochta ar Líne (CCFAL).

Is é €500 an táille phróiseála do Chead Fostaíochta Spóirt agus Cultúir de 6 mhí ar fad nó níos lú, nó €1000 do chead fostaíochta a mhaireann suas go 24 mhí. Is é €750 an táille phróiseála d'athnuachan ar Chead Fostaíochta Spóirt agus Cultúir de 6 mhí ar fad nó níos lú nó €1500 do chead fostaíochta ó 6 mhí suas go 24 mhí ar fad.

Mura n-éiríonn le hiarratas, aisíocfar 90% den táille. Cé gur féidir le tríú páirtí an táille a íoc, cuireann polasaí reatha srian le haisíocaíochtaí d'iarratasóirí amháin (mar shampla, más fostaí an t-iarratasóir agus má d'íoc an fostóir an táille, eiseofar an aisíocaíocht chuig an bhfostaí fós).

Sa chás gurb é an fostóir an t-iarratasóir, de réir alt 23 den Acht um Cheadanna Fostaíochta 2006 (arna leasú), ní fhéadfaidh an fostóir nó an gníomhaire atá ag gníomhú thar ceann an iarratasóra aon asbhaintí a thógáil ón íocaíocht, nó iarracht a dhéanamh airgead a fháil, ó shealbhóir an cheada fostaíochta i gceist, nó aon mhuirear, táille nó costas a bhaineann leis an iarratas.

Tar éis iarratas ar éirigh leis maidir le cead fostaíochta a fháil, má tá víosa de dhíth, ba chóir don iarratasóir iarratas a sheoladh chuig Ambasáid/Consalach na hÉireann is áitiúla dóibh le haghaidh víosa iontrála d'Éirinn. Ní fhéadfar iarratas a dhéanamh air sin ach amháin tar éis cead oibre a bheith bronnta agus ní fhéadfaidh iarratas a dhéanamh air

roimh ré. Tabhair do d'aire, nach ndeimhníonn bronnadh cead oibre ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta go mbronnfar víosa ar an iarratasóir ón Roinn Dlí agus Cirt. Moltar d'iarratasóir le cead fostaíochta ach ar diúltaíodh víosa dóibh smaoineamh a dhéanamh ar chomhairle dhlí a lorg.

Féadfar nach mbeidh sé riachtanach cead fostaíochta a bheith ag daoine le hoibriú sa Stát más náisiúnaigh neamh-LEE iad le seilbh acu ar Chead Fostaíochta Spóirt agus Cultúir atá bailí le 5 bliana as a chéile nó níos faide agus atá tar éis oibriú go dleathach le linn an ama sin. Sna cásanna sin tá seans ann nach mbeidh sé de dhíth ar an bhfostaí iarratas a dhéanamh ar Chead Fostaíochta Spóirt agus Cultúir nua nó ar athnuachan ar an gcead fostaíochta atá acu cheana féin agus gur chóir dóibh teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Dlí agus Cirt agus An Roinn Comhionannais le hiarratas a dhéanamh ar Stampa sealadach 4.

Mura gcomhlíonann iarratasóir na critéir cháilithe, tá sé riachtanach dóibh cead fostaíochta a bheith acu fós le hoibriú sa Stát. Más rud é go raibh siad i bhfostaíocht leanúnach leis an bhfostóir atá acu anois le 5 bliana nó níos mó, is féidir leo iarratas a dhéanamh ar Chead Athnuachana Fostaíochta do thréimhse neamhtheoranta, sa chás seo ní bheidh aon táille i gceist. Ach, mar sin féin, sa chás nach raibh siad leis an bhfostóir céanna le 5 bliana nó níos mó, is féidir leo iarratas a dhéanamh ar Chead Athnuachana Fostaíochta do thréimhse de 3 bliana agus beidh an táille ábhartha don chead áirithe seo i gceist.

# 10.
# Víosaí Taibhithe nó Comórtais

the arts council
an chomhairle ealaíon

# 10. Víosaí Taibhithe nó Comórtais

Ceadaíonn víosa taibhithe nó comórtais gearrthéarmach don ealaíontóir/lúthchleasaí teacht go hÉireann ar feadh suas go 90 lá le taibhiú a chur ar stáitse (mar shampla, amharclannaíocht nó ceol) nó le páirt a ghlacadh i gcomórtas iomaíoch (mar shampla, spórt nó damhsa). I measc na gcúiseanna a ndéanfadh daoine iarratas ar an víosa seo, tá imeachtaí amharclannaíochta, ceoil, damhsa nó spóirt, nó rannpháirtíocht i gcomórtais amhail comórtais fichille nó díospóireachta.

Ceadaíonn an víosa seo d'iarratasóirí íocaíocht a fháil le taibhiú a dhéanamh nó páirt a ghlacadh in imeacht má mhaireann an imeacht 14 lá nó níos lú, mar shampla ceolchoirm nó comórtas spóirt le duais airgid. Ní thugann an víosa seo cead don iarratasóir:

a. Íocaíocht a fháil mar gheall ar thaibhiú a dhéanamh, nó páirt a ghlacadh in imeacht a mhaireann 15 lá nó níos faide
b. Obair de chineál ar bith eile a dhéanamh (íoctha nó gan íocaíocht)
c. Brath ar sheirbhísí poiblí na hÉireann, amhail ospidéil phoiblí.

Má éiríonn le hiarratas, caithfidh an t-iarratasóir iarratas a dhéanamh ar 'cead le hoibriú' agus é ag an rialú teorann in Éirinn. Déan cinnte go dtugann tú na doiciméid leat agus tú ag taisteal, mar shampla, bunleagan an chonartha.

Le bheith incháilithe don Víosa Taibhithe nó Comórtais, caithfear an taibhiú nó an t-imeacht tosú agus críochnú laistigh de thréimhse 14 lá.

Mar shampla, féadfaidh an t-iarratasóir pleanáil le taibhiú ar phá in Éirinn ar feadh 3 lá, stad ansin ar feadh 12 lá (agus é ag fanacht in Éirinn) agus ansin taibhiú arís ar phá ar feadh 3 lá. Sa sampla seo, ní bheidh an obair ar phá laistigh de thréimhse 14 lá (2 sheachtain féilire), agus ní mór don iarratasóir iarratas a dhéanamh ar chead oibre tríd an Scéim Oibre Neamhthipiciúla agus (má éiríonn leo) cur isteach ar víosa fostaíochta gearrthréimhseach.

# 11.
# Scéim Oibre Neamhthipiciúla

the arts council
an chomhairle ealaíon

# 11. Scéim Oibre Neamhthipiciúla

Forbraíodh an Scéim Oibre Neamhthipiciúla trí chomhaontú idir an Roinn Dlí agus Cirt agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le héascaíocht a dhéanamh ar fhostaíocht speisialaithe agus ardoilte atá gearrthéarmach (níos lú ná 90 lá go ginearálta), fostaíocht nach dtacaíonn an reachtaíocht reatha maidir le Ceadanna Fostaíochta léi. Tacaíonn an Scéim Oibre Neamhthipiciúla le socruithe oibre ar leith eile.

## Cé atá incháilithe le haghaidh iarratas a dhéanamh ar chead faoin Scéim Oibre Neamhthipiciúla?

Tá tú incháilithe le hiarratas a dhéanamh ar chead faoin Scéim Oibre Neamhthipiciúla más náisiúnach neamh-LEE thú atá, i gcúinsí áirithe, ag teastáil ó chomhlacht/eagraíocht sa Stát chun obair a dhéanamh:

a. Nuair atá ganntanas ann maidir le scileanna

b. Chun scil speisialaithe nó ardscil a sholáthar do thionscal, do chomhlacht nó d'institiúid acadúil ar feadh tréimhse theoranta. Féadfar ealaíontóirí a bheith san áireamh anseo nó dóibh siúd atá ag obair i ndisciplíní gaolmhara.

c. Chun intéirneacht íoctha a éascú nuair atá an intéirneacht tairbheach nó lárnach (riachtanach le haghaidh céime) don chúrsa a bhfuil staidéar á dhéanamh air maidir le mic léinn tríú leibhéal atá ag staidéar lasmuigh den Stát in institiúidí ceadaithe/creidiúnaithe (níl intéirneachtaí leighis agus neamhíoctha ceadaithe)

d. Mar dhochtúir ionaid atá fostaithe agus íoctha ag gníomhaireacht – earnáil ospidéil nó earnáil chúraim phríomhúil (cleachtadh ginearálta)

e. Oiriúnú cliniciúil agus clár measúnaithe/scrúdaithe Choláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn (RCSI)

Téigh chuig clár an ábhair


# **Aguisín A**
# Fógra Samplach

the arts council
an chomhairle ealaíon

# Aguisín A - Fógra Samplach

(Nótaí/treoir ar fáil i mbloic daite agus téacs ar a bhfuil cló trom)

**Scríbhneoir Scripte**



**Tá sé tábhachtach seiceáil a dhéanamh lena cinntiú nach bhfuil an post luaite ar an liosta neamh-incháilithe [6] agus nach mbaintear úsáid as aon teidil atá luaite ar an liosta nó atá ró-chosúil le chéile. Ba chóir duit a bheith cinnte nach bhfuil sé clúdaithe ag cód a bhaineann leis an gcóras caighdeánach aicmithe gairme atá coiscthe.[7] Má tá éiginnteacht ar bith ann, tá sé tábhachtach seiceáil a dhéanamh le cleachtóir dlí atá cáilithe nó go díreach leis an roinn um cheadanna fostaíochta ag epos@enterprise.gov.ie sula gcuirtear amach fógra**

Tá Cuideachta ABC

**Cuir isteach ainm dlíthiúil na cuideachta mar atá scríofa ar an suíomh gréasáin um chlárú cuideachtaí**


Ag trádáil mar ABC

**Cuir isteach ainm trádála má tá sé éagsúil nó má táthar ag déanamh iarratais mar thrádálaí aonair**

ag iarraidh Scríbhneoir Scripte a earcú le bheith mar chuid dá foireann ghnóthach.

Áirítear i measc na bpríomhról agus na bhfreagrachtaí:

- Ábhar litríochta lena n-áirítear scripteanna agus insint scannáin agus teilifíse a chumadh, a chur in eagar agus a mheas
- Gnéithe scéil a fhorbairt agus smaointe cruthaitheacha a fhorbairt ina scéalta le léiriú, agus tuiscint dhomhain acu ar an snáithe scéil agus ar an spriocllucht féachana.
- Ábhar a roghnú a bheidh mar chuid den script dheiridh, ag seiceáil na stíle, na gramadaí agus chruinneas an ábhair, ag eagrú leasuithe nuair is gá agus cóipeanna profaí a sheiceáil sula gcuirfear i gcló iad
- Taighde príomhúil a dhéanamh maidir le snáitheanna scéil agus carachtair de réir mar is gá.



[6] https://enterprise.gov.ie/en/what-we-do/workplace-and-skills/employment-permits/employment-permit-eligibility/ineligible-categories-of-employment/

**7** Chun tuilleadh eolais a fháil féach https://enterprise.gov.ie/en/what-we-do/workplace-and-skills/employment-permits/employment-permit-eligibility/classification-of-employments

**Cinntigh go n-ailíníonn na róil le cód a bhaineann leis an gcóras caighdeánach aicmithe gairme den chuid is mó agus dearbhaigh go ndéanfaidh an fostaí atá á earcú na róil faoi leith nó róil choimhdeacha na bpríomhról agus na bpríomhfhreagrachtaí**

Beifear ag súil go mbeidh ar a laghad dhá bhliain

**Cuir isteach íosleibhéal cáilíochta**

De thaithí ábhartha ag obair i ról comhionann ag iarratasóirí agus beifear ag súil go mbeidh cáilíocht fochéime acu i ndisciplín gaolmhar.

**Tá sé tábhachtach go ndearbhaítear go bhfuil aon íosleibhéal cáilíochta atá de dhíth chun an post a dhéanamh i gceart fógartha i gceart agus go soiléir. Beidh taithí shoiléir agus fhollasach ag teastáil ó fhostaí féideartha.**

Íocaíocht de €30,000 sa bhliain le seachtain oibre de 39 uair an chloig le ráta de €14.79 san uair.

**Tá sé tábhachtach go leagtar na huaireanta oibre, an ráta pá agus íocaíocht bhliantúil amach san fhógra le go measfar go bhfuil an fógra sásúil. Déan cinnte go bhfuil na sonraí atá luaite san fhógra díreach mar an gcéanna leis na sonraí atá luaite sa chonradh fostaíochta.**

Ba chóir d'iarratasóirí ar mian leo a bheith measta don ról ríomhphost lena CV agus litir chumhdaigh ceangailte a sheoladh chuig John Smith ag john@abc.ie

**Ba chóir ainm agus seoladh ríomhphoist an duine atá freagrach as an bpost a thairiscint a chur san áireamh**

Buíochas le KOD Lyons as saineolas a chur ar fáil maidir leis an bhfoilseachán seo.

the arts council an chomhairle ealaíon

**Ceadanna Fostaíochta do Náisiúnaigh Neamh-LEE in Earnáil na nEalaíon**

The Arts Council | An Chomhairle Ealaíon |
www.artscouncil.ie
70 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2, D02 NY52